2024/1542

31.5.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1542 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Márta 2024

maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 37 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ag an gcruinniú a bhí aici an 24 Deireadh Fómhair 2022, chinn an Chomhairle údarú a thabhairt d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') tús a chur leis an gcaibidlíocht chun an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe a leasú ([1]), a síníodh sa Bhruiséil an 18 Iúil 2008.

(2) Rinne an tArdionadaí, thar ceann an Aontais, Comhaontú a chaibidil leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe.

(3) Ba cheart an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe mar aon leis an dearbhú comhpháirteach atá i gceangal leis dteanna an a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe ('an Comhaontú') mar aon leis an dearbhú comhpháirteach atá i gceangal leis a fhormheas thar ceann an Aontais ([2]).

Airteagal 2

Údaraítear leis seo d'Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige nó acu an Comhaontú a shíniú, d'fhonn an tAontas a cheangal.

Airteagal 3

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 17(1) den Chomhaontú ([3]).

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Márta 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. VERLINDEN

([1]) IO L 219, 14.8.2008, lch. 59.
([2]) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2024/1543, 31.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree/2024/1543/oj.
([3]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.